Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Meitheamh 2019
(OR. en, de)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0143(COD)**

**9426/19**
**ADD 1 REV 1**

**CODEC 1107**
**CLIMA 145**
**ENV 493**
**TRANS 347**
**MI 453**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 d'fheithiclí nua tromshaothair agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 595/2009 agus (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/53/CE ón gComhairle **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráitis |

**<u>Ráitis ón gCoimisiún</u>**

1. Tá an Coimisiún i mbun forbairt theicniúil a dhéanamh ar an Uirlis Ríofa um Ídiú Fuinnimh Feithicle (VECTO) d'fhonn é a nuashonrú go rialta agus go tráthúil, i bhfianaise na nuálaíochta agus aird á tabhairt ar chur chun feidhme teicneolaíochtaí nua lena gcuirtear feabhas ar fheithiclí tromshaothair.

2. Tugann an Coimisiún dá aire comhaontú na gcomhreachtóirí maidir le hAirteagal 20 den Rialachán sin, lena leasaítear Treoir 96/53/CE gan teorainn ama sainráite a chur lena trasuí.

Tugann an Coimisiún dá aire freisin go bhfuil forálacha eile Threoir 96/53/CE á mionathrú de dhroim Chinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 96/53/CE ón gComhairle i dtaca leis an teorainn ama do chur chun feidhme na rialacha speisialta maidir le fad uasta i gcás cábán lena seachadtar feidhmíocht aeraidinimiciúil, éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht sábháilteachta níos fearr[1], lena ndéantar foráil maidir le feidhmiú na bhforálacha nua sin ón 1 Meán Fómhair 2020.

Faoi mar atá an cás, glaonn an Coimisiún ar na Ballstáit aon oiriúnú is gá a dhéanamh dá reachtaíocht náisiúnta a chur i gcrích chomh luath is féidir agus faoin dáta céanna sin ar a dhéanaí, i.e. an 1 Meán Fómhair 2020 le go dtiocfadh sí le hAirteagal 20 den Rialachán seo, agus an méid sin a chur in iúl don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 11 Threoir 96/53/CE. Ní bheadh aon ghá le togra reachtach breise ón gCoimisiún faoin gceist sin mar gheall air sin.

1 PE-CONS 40/19

**Ráiteas ón nGearmáin, ón Ungáir agus ó Phoblacht na Seice**

An téacs comhréitigh comhaontaithe ag an nGearmáin, ag an Ungáir agus ag Poblacht na Seice. Aithníonn siad na hiarrachtaí gníomhacha ó Uachtaránacht na Comhairle na hábhair atá ag déanamh imní dóibh a chur san áireamh ann. Cuireann an Ghearmáin, an Ungáir agus an tSeicia in iúl, ámh, go bhfuil an réiteach seo thar a bheith uaillmhianach agus go gcuirfear dúshláin ollmhóra os comhair monaróirí feithiclí leis, go háirithe i ndáil leis an mbliain 2025. Tuigtear dóibh go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach bonneagar luchtaithe na hEorpa a fheabhsú tuilleadh chun deimhniú nach mbeidh aon bhac roimh theicneolaíocht na tiomána leictreonaí thar teorainn amach. San iarracht sin, beidh géarghá le straitéis chomhpháirteach idir an Coimisiún Eorpach agus na Ballstáit. I gcás feithiclí troma, baineann dúshláin atá nua agus difriúil le bonneagar an luchtaithe dóibh siúd i gcomparáid, mar shampla, leis an mbonneagar don ghnáth-ghluaisteán. Leagann an Ghearmáin, an Ungáir agus an tSeicia béim freisin ar an tábhacht a bhainfidh le hathbhreithniú oscailte ón gCoimisiún Eorpach sa bhliain 2022. Beidh tábhacht ar leith ag baint le gach gné den athbhreithniú sin, lena n-áirítear an sainordú i ndáil le himscrúdú a dhéanamh ar chóras lena bhféadfaí cineálacha breoslaí eile a chur san áireamh.